ESB Energy for generations

WEXFORD HUB SOLAR FARM PROJECT

Issue 1 - July 2025

# Wexford Hub Solar Farm Newsletter

The Wexford Hub Solar Farm is a new renewable energy project located in south Co. Wexford. It will be developed by Harmony Solar Dennistown Ltd, on behalf of ESB. See **www.wexfordhub.ie** for details on this project. The project will generate approximately 100MW of clean electricity; enough to power over 25,000 homes.





*Figure 1 - Site location map of Wexford Hub Solar Farm.*

This project will consist of four separate sites of solar panels. Two of the sites are located at Dennistown and Mayglass, south of the village of Murntown.

The other two sites, Growtown and Youngstown are situated northeast and southeast of the village of Taghmon.

The sites will be connected to a new 110kV substation located at Dennistown, via two new 33kV (kilo volts) underground cables. A third underground cable will connect the new Dennistown substation to the existing Wexford 110kV substation at Barntown.

As part of this project, ESB is committed to engaging closely with the local community to ensure the successful delivery of the Wexford Hub Solar Farm by springtime 2027.

The project has secured planning permission for each of the four sites in recent years. Planning permission was also granted for the new 110kV Dennistown substation and associated cable route from Dennistown to the existing Wexford 110kV substation at Barntown. The 33kV cables have been granted Exempted Development status through three Section 5 applications. Details of each planning grant including dates and reference numbers are summarised in the table below.

| Site | Wexford County Council Planning Permission Reference: | Date of Grant |
| --- | --- | --- |
| Dennistown | 20221589 | May 2023 |
| Dennistown 110kV substation | An Board Pleanála ref: ABP-313191-22 | October 2022 |
| Mayglass | 20181768 | July 2019 |
| Youngstown | 20230233 | May 2023 |
| Growtown | 20180012 and An Board Pleanála ref: ABP-301309-18 | March 2019 |

The project successfully obtained a capacity contract in the RESS 3 (Renewable Electricity Support Scheme) auction in September 2023.

# Construction Overview

Enabling works on the project have commenced in May 2025, at the Dennistown site. These works include construction of the access road and ground works for the new substation. Similar access road works will commence in Mayglass and Youngstown in July 2025.

Construction work on the Dennsitown substation will commence in July 2025.

Solar panel installation works are scheduled to commence in late 2025. These works will involve the mounting of solar panels on light steel frames, together with the installation of associated underground cabling.

The construction of the three underground cable routes for the project will also commence in late 2025. These works will consist of the installation of ducting, predominantly in public roads, prior to the installation of the electrical cables. In total there will be 30km of ducting across the three cable routes.

The first cable route will be from Growtown to Dennsitown, via Youngstown. The second route will be from Mayglass to Dennsitown, and the third route will be from Dennsitown to the existing 110kV substation at Barntown. Localised traffic management and road closures will be required to facilitate these underground cable works which will be agreed in advance with Wexford County Council.

# Current Development Timeline

| | |
|---|---|
| May 2025 | Enabling works to provide access at Dennistown. |
| July 2025 | Commencement of construction works for the Dennistown Substation and enabling works at Mayglass and Youngstown. |
| Q3 2025 | Construction of the three underground cable routes due to commence. |
| Q4 2025 | Solar farm construction works due to commence. |
| Q1 2027 | Commissioning and project operational. |

# Traffic Management

## Will there be traffic diversions and delays during construction?

Localised traffic management and road closures will be required to construct the new cable routes for the project. Diversions and delays will be minimised as much as possible. A Road Opening License for the underground cable works together with traffic management plans for each of the four sites will be agreed with Wexford County Council before each package of works commences. The project team will arrange updates and communications on this. Your patience in this regard is much appreciated. Once constructed and operational the only traffic to occur will be for occasional maintenance visits.
The impacts of such traffic will be negligible.



## Solar components for delivery?

The solar panels and ancillary components are relatively small and are transported in pallets before being assembled on site. The pallets will be delivered in 40-foot containers that are transported by articulated lorries.

## Where will access to the Solar Farm Sites be?

A detailed traffic management plan will be developed with Wexford County Council, for each of the four sites. The proposed access points are summarised as below:

| Site | Access Point |
|---|---|
| Dennistown | On the the L7098 road, approximately 500m east of the junction where the L7098 meets the L3041. |
| Mayglass | On the L3046 road, approximately 1.6km southeast of the junction where the L3041 road meets the L3046 road. |
| Youngstown | On the L70371 road north of where the L70371 meets the L70411 road. |
| Growtown | On the R738 approximately 2.9km west of where the R738 meets the N25. |

The three cable routes will be constructed predominantly on the public road and a road opening license will be agreed with Wexford County Council for these works.

# Community Benefit Fund

There will be a Community Benefit Fund associated with the Wexford Hub Solar Farm. Once the solar farm is operational, this fund will accept grant applications from organisations in the local area. The fund is intended to benefit the wider economic, environmental, social and cultural wellbeing of the local community.

ESB will enlist the services of SECAD, an independent administrator for Wind and Solar Farm Community Funds. This is their application portal website: www.communitybenefitfunds.ie. There is a Help Section on the site that communities may find helpful, including links to webinars etc.

While the solar fund is not operational yet, we encourage your local organisations to start thinking about the kind of projects you might submit and the supporting information SECAD will require.



## Contact Us

The project team is committed to keeping the local community up to date with the delivery of Wexford Hub Solar Farm.

Our Community Liaison Officer (CLO), Sean Moroney, and members of the project team are available to meet you to discuss all aspects of the project at your convenience. We will provide regular updates through the project website as the project progresses.


**Website:** www.wexfordhubsolarfarm.ie

**Email:** ESBSolarFarms@esb.ie

**Phone:** 086 1677977 (CLO- Sean Moroney)

**Post:** Wexford Hub Solar Farm Project,
ESB Head Office,
27 Fitzwilliam Street Lower,
Dublin 2,
D02 KT92,
Ireland.

ESB

Energy for generations

WEXFORD HUB
SOLAR FARM PROJECT

ESB Energy for generations

WEXFORD HUB
SOLAR FARM PROJECT

Eagrán 1 - Iúil 2025

# Nuachtlitir Fheirm Ghréine Mhol Loch Garman

Tionscadal nua fuinnimh in-athnuaite i ndeisceart Chontae Loch Garman is ea Feirm Ghréine Mhol Loch Garman. Is é Harmony Solar Dennistown Ltd a dhéanfaidh an tionscadal a fhorbairt thar ceann ESB. Is ar www.wexfordhub.ie a gheofar na sonraí ar fad faoin tionscadal seo. Ginfidh an tionscadal thart ar 100MW de leictreachas glan; is leor sin le cumhacht a thabhairt do níos mó ná 25,000 teach.




Figure 1 - Site location map of Wexford Hub Solar Farm.

Beidh an tionscadal seo comhdhéanta de cheithre láithreán grianphainéal ar leith. Beidh dhá cheann de na láithreáin sin suite i mBaile an Dinigh agus i Maigh Ghlas, taobh ó dheas de shráidbhaile Bhaile Mhúráin. An dá láithreán eile, Baile Gró agus Baile an

tSiúnaigh, beidh siadsan suite soir ó thuaidh agus soir ó dheas ó shráidbhaile Theach Munna. Beidh na láithreáin nasctha le fostáisiún nua 110kV i mBaile an Dinigh trí dhá chábla nua 33kV (cileavolta) faoin talamh. Beidh cábla eile faoin talamh ann leis an bhfostáisiún nua i mBaile an Dinigh a nascadh leis an bhfostáisiún 110kV atá ann cheana féin i Loch Garman ag Baile an Bharúnaigh.

Mar chuid den tionscadal seo, caithfidh ESB dúthracht le caidreamh a bhunú leis an bpobal áitiúil d'fhonn a chinntiú le go n-éireoidh linn Feirm Ghréine Mhol Loch Garman a chur i gcrích faoi earrach 2027.

Tá cead pleanála faighte ag an tionscadal le blianta beaga anuas le haghaidh gach ceann de na ceithre láithreán. Tugadh cead pleanála freisin le haghaidh an fhostáisiúin nua 110kV i mBaile an Dinigh agus le haghaidh an chábla ghaolmhair ó Bhaile an Dinigh go dtí an fostáisiún 110kV atá ann cheana i Loch Garman ag Baile an Bharúnaigh. Ceadaíodh stádas Forbartha Díolmhaithe do na cáblaí 33kV trí bhíthin trí iarratas a rinneadh faoi Alt 5. Tá achoimre ar gach cead pleanála, lena n-áirítear dátaí agus uimhreacha tagartha, sa tábla thíos.

| Láithreán | Tagairt an Cheada Pleanála ó Chomhairle Contae Loch Garman | Dáta a Thabhartha |
|---|---|---|
| Baile an Dinigh | 20221589 | Bealtaine 2023 |
| Fostáisiún 110kV Bhaile an Dinigh | Tag. ón mBord Pleanála: ABP-313191-22 | Deireadh Fómhair 2022 |
| Maigh Ghlas | 20181768 | Iúil 2019 |
| Baile an tSiúnaigh | 20230233 | Bealtaine 2023 |
| Baile Gró | 20180012 agus tag. ón mBord Pleanála: ABP-301309-18 | Márta 2019 |

D'éirigh leis an tionscadal conradh acmhainneachta a fháil i gceant faoi Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite 3 (RESS 3) i mí Mheán Fómhair 2023.

# Forléargas Tógála

Cuireadh tús leis na hoibreacha cumasúcháin ar an tionscadal i mí na Bealtaine 2025 ag an láithreán i mBaile an Dinigh. Áirítear leis na hoibreacha sin tógáil an bhóthair rochtana agus na hoibreacha talún le haghaidh an fhostáisiúin nua. Cuirfear tús le hoibreacha den sórt céanna ar an mbóthar rochtana i Maigh Ghlas agus i mBaile an tSiúnaigh i mí Iúil 2025.

Cuirfear tús leis an obair thógála ar an bhfostáisiún i mBaile an Dinigh i mí Iúil 2025.

Tá na hoibreacha suiteála grianphainéal le tosú amach in 2025. Beidh i gceist leis na hoibreacha sin grianphainéil a chur suas ar fhrámaí cruaiche tanaí, chomh maith leis na cáblaí gaolmhara faoin talamh a shuiteáil.

Cuirfear tús leis na hoibreacha tógála ar na trí bhealach cábla faoin talamh le haghaidh an tionscadail amach in 2025 freisin. Is éard a bheidh sna hoibreacha sin ná duchtáil a shuiteáil, i mbóithre poiblí go príomha, roimh na cáblaí leictreacha féin a shuiteáil. Beidh 30km san iomlán de dhuchtáil sna trí bhealach cábla.

Rachaidh an chéad bhealach cábla ó Bhaile Gró go dtí Baile an Dinigh, trí Bhaile an tSiúnaigh. Rachaidh an dara bealach ó Mhaigh Ghlas go dtí Baile an Dinigh, agus an tríú bealach ó Bhaile an Dinigh go dtí an fostáisiún 110kV atá ann cheana féin i mBaile an Bharúnaigh. Beidh gá le bainistíocht áitiúil tráchta agus dúnadh bóithre leis na hoibreacha cáblaí faoin talamh sin a éascú, rud a chomhaontófar roimh ré le Comhairle Contae Loch Garman.

## Amlíne Forbartha

| | |
|---|---|
| Bealtaine 2025 | Oibreacha cumasúcháin le rochtain a sholáthar ag Baile an Dinigh. |
| Iúil 2025 | Cuirfear tús leis na hoibreacha tógála ar Fhostáisiún Bhaile an Dinigh agus leis na hoibreacha cumasúcháin ag Maigh Ghlas agus ag Baile an tSiúnaigh. |
| R3 2025 | Cuirfear tús leis na hoibreacha tógála ar na trí bhealach cábla faoin talamh. |
| R4 2025 | Cuirfear tús leis na hoibreacha tógála ar na feirmeacha gréine féin. |
| R1 2027 | Déanfar an tionscadal a choimisiúnú agus cuirfear ag obair é. |

## Bainistíocht Tráchta

### An gcuirfear trácht ar mhalairt slí agus an mbeidh moilleanna ann agus an tógáil ag dul ar aghaidh?

Beidh gá le bainistíocht áitiúil tráchta agus dúnadh bóithre leis na bealaí cábla nua a thógáil le haghaidh an tionscadail. Déanfar atreoruithe agus moilleanna a laghdú a oiread agus is féidir. Comhaontófar Ceadúnas Oscailte Bóithre i ndáil leis na hoibreacha cábla faoin talamh agus pleananna bainistíochta tráchta le haghaidh gach ceann de na ceithre láithreán le Comhairle Contae Loch Garman sula gcuirfear tús le gach pacáiste oibreacha. Tabharfaidh foireann an tionscadail tuairiscí chun dáta ar na nithe sin. Táimid an-bhuíoch díbh as foighne a léiriú ina leith seo.

Nuair a bheidh an fheirm tógtha agus ag obair, ní bheidh aon trácht ann seachas cuairteanna cothabhála ó am go chéile. Is beag difear a dhéanfaidh trácht den chineál sin.



## Comhpháirteanna gréine a bheidh le seachadadh

Tá na grianphainéil féin agus na comhpháirteanna a bhaineann leo réasúnta beag. Úsáidtear pailléid le hiad a aistriú ó áit go háit agus cuirtear le chéile ar an láthair iad. Déanfar na pailléid a sheachadadh i gcoimeádáin 40 troigh á n-iompar ag leoraithe altacha.

## Cén áit a mbeidh na bealaí isteach chuig na Feirmeacha Gréine?

Déanfar plean mionsonraithe bainistíochta tráchta a ullmhú i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman maidir le gach ceann de na ceithre láithreán. Seo a leanas achoimre ar na bealaí isteach atá beartaithe:

| Láithreán | Bealach Isteach |
|---|---|
| Bhaile an Dinigh | Ar bhóthar an L7098, thart ar 500m soir ón acomhal ag a dtagann an L7098 le chéile leis an L3041. |
| Maigh Ghlas | Ar bhóthar an L3046, thart ar 1.6km soir ó dheas ón acomhal ag a dtagann an L3041 le chéile leis an L3046. |
| Baile an tSiúnaigh | Ar bhóthar an L70371, lastuaidh den áit a dtagann an L70371 le chéile leis an L70411. |
| Baile Gró | Ar an R738 thart ar 2.9km siar ón áit a dtagann an R738 le chéile leis an N25. |

Tógfar na trí bhealach cábla ar an mbóthar poiblí go príomha agus aontófar ceadúnas oscailte bóithre le Comhairle Contae Loch Garman le haghaidh na n-oibreacha seo.

# Ciste Sochair Pobail

Bunófar Ciste Sochair Pobail i dtaca le Feirm Ghréine Mhol Loch Garman.  Nuair a bheidh an fheirm ghréine ag feidhmiú, tosóidh an ciste ag glacadh le hiarratais ar dheontais ó eagraíochtaí sa cheantar áitiúil. Tá an ciste beartaithe lena úsáid ar mhaithe le folláine eacnamaíoch, chomhshaoil, shóisialta agus chultúrtha phobal na háite.

Tá ESB chun leas a bhaint as seirbhísí SECAD chuige sin, is riarthóir neamhspleách a bhíonn ag plé le Cistí Pobail Feirmeacha Gaoithe agus Gréine. Is é www.communitybenefitfunds.ie an láithreán gréasáin atá acu chun iarratas a dhéanamh. Tá Leathanach Cabhrach ar an láithreán gréasáin a bheidh áisiúil ag pobail, lena n-áirítear naisc chuig seimineáir ghréasáin agus áiseanna eile.

Cé nach bhfuil an ciste gréine i bhfeidhm go fóill, molaimid d’eagraíochtaí áitiúla a bheith ag smaoineamh faoi na cineálacha



# Déan teagmháil linn

Tá sé i gceist ag foireann an tionscadail pobal na háite a choinneáil ar an eolas faoin obair ar Fheirm Ghréine Mhol Loch Garman.

Tá an tOifigeach Teagmhála Pobail Seán Moroney agus daoine eile d'fhoireann an tionscadail ar fáil le bualadh leat ar do chaoithiúlacht agus gné ar bith den tionscadal a phlé leat. Coinneoimid an pobal ar an eolas ar láithreán gréasáin an tionscadail de réir mar a bheidh dul chun cinn á dhéanamh.

| | |
|---|---|
| **Láithreán gréasáin:** | www.wexfordhubsolarfarm.ie |
| **Ríomhphost:** | ESBSolarFarms@esb.ie |
| **Fón:** | 086 1677977 (CLO- Sean Moroney) |
| **Post:** | ionscadal Fheirm Ghréine Mhol Loch Garman,<br>Ceannáras ESB,<br>27 Sráid Mhic Liam Íochtarach,<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 KT92,<br>Éire. |

Energy for
generations

WEXFORD HUB
SOLAR FARM PROJECT